intinní fiosracha
Aimsigh ETIM

# Acmhainn Ranga

# Cuir Thart an Beart



Science Foundation Ireland
sfi For what's next

# Imscrúdú

# Cuir Thart an Beart

**Leibhéal an Ranga** - Sóisearach

## Naisc leis an gCuraclam

| | |
|---|---|
| **Snáith:** | Ábhair; Feasacht agus Cúram Comhshaoil |
| **Snáithaonad:** | Airíonna agus saintréithe na n-ábhar; Ag tabhairt aire do mo cheantar |
| **Cuspóirí Curaclaim:** | Faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ar réimse ábhair aithnidiúla sa gharthimpeallacht; Cur síos a dhéanamh ar ábhair agus comparáid a dhéanamh eatarthu, ag tabhairt faoi deara na difríochtaí datha, crutha, agus uigeachta; Ábhair a ghrúpáil de réir critéar ar leith: láidreacht, dath, uigeacht, solúbthacht; Tús a chur le hidirdhealú a dhéanamh idir ábhair nádúrtha agus ábhair mhonaraithe: Braistint freagrachta a fhorbairt maidir le haire a thabhairt don chomhshaol agus é a fheabhsú. |
| **Forbairt Scileanna:** | Ceistiú, Faire, Anailísiú (Sórtáil agus Aicmiú), Taifeadadh, Cumarsáid |
| **Focail/stór focal nua:** | Sórtáil, catagóir, garbh/mín, crua/bog, lonrach/modartha, tochasach/ sleamhain, righin/solúbtha (lúbach), sínteach, clúmhach, inmhúirínithe, athchúrsáil, athúsáid. Bheadh póstaeir ina gcúltaca úsáideach don chleachtadh seo. |
| **Focail nua:** | Cuir thart an beart (Pass the parcel); Ábhair (Materials); Clúdaigh (Wrap) |
| **Naisc thraschuraclaim:** | Mata, Scileanna teanga |
| **Trealamh/ábhair** | • Cineálacha éagsúla ábhar chun clúdach a chur ar bheartán beag (m.sh. nuachtán, páipéar cistine, páipéar síoda, cumhdach bolgóideach, plaisteach, páipéar beartán lonrach, ábhar éagsúil fabraice m.sh. cadás, veilbhit, páipéar gainimh) i gcruthanna éagsúla agus roinnt ábhar san áireamh ar féidir iad a athchúrsáil agus ábhair eile nach féidir iad a athchúrsáil<br>• Téip ghreamaitheach, siosúr<br>• Cártaí catagóire - ceann amháin le cur laistigh de gach ciseal den phacáistiú. Is féidir leis an múinteoir cinneadh a dhéanamh ar na catagóirí bunaithe ar leibhéal cumais an ranga, m.sh. dath, úsáid, uigeacht, súiteach nó uisce-dhíonach, nádúrtha nó saorga, láidreacht etc.<br>• Foinse ceoil<br>• Húlahúpanna<br><br> |

# Spreag spéis

## Ceisteanna a spreagadh

- Cén ábhar is féidir linn a úsáid chun clúdach a chur ar bhronntanas?
- Cén focail is féidir linn a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar ábhair?
- An bhfuil an chuma/mothú céanna ag gach ceann?
- An bhfuil roinnt ábhair níos fearr ná hábhair eile chun bronntanas a chlúdach?
- An féidir le gach ábhar gabháil san araid athchúrsála?

## Eolas Cúlra:

Is féidir grúpáil agus cur síos a dhéanamh ar ábhair ar go leor bealaí éagsúla, m.sh. dath, cruth, uigeacht, nádúrtha nó de dhéantús duine, de réir a gcuid úsáidí, cibé acu solúbtha nó dolúbtha, crua nó bog, tochasach, srl. Leis an ngníomhaíocht seo, tabharfar blaiseadh do na foghlaimeoirí de na bealaí chun cur síos a dhéanamh ar ábhair,chomh maith leis na bealaí chun ábhair a shórtáil, a chatagóiriú agus a chur i gcomparáid lena chéile.

## Cur i bhfeidhm sa saol réadúil:

Is féidir le go leor de na hábhair a úsáidimid gach lá a bheith athchúrsáilte. Tá dúshlán níos mó ag baint le roinnt pacáistithe atá comhdhéanta de shraitheanna éagsúla ábhar, mar shampla coimeádáin Tetripak agus tiúba Pringles.

An féidir le foghlaimeoirí an cineál pacáistithe seo a aithint ina bhfuil sraitheanna ábhar? Ba chóir na foghlaimeoirí a spreagadh le linn na gníomhaíochta chun breathnú go cúramach ar na hábhair éagsúla (trí lionsa láimhe má tá siad ar fáil), chun na hábhair a bhreathnú agus a iniúchadh ag baint úsáide as a gcuid céadfaí go léir.

Seans go mbeidh ranganna sinsearacha ag iarraidh taighde a dhéanamh faoin méid uaireanta is féidir ábhair a athchúrsáil. Mar shampla, is féidir alúmanam, a úsáidtear le haghaidh cannaí deochanna boga a athchúrsáil líon neamhtheoranta uaireanta, ach caillfidh ábhair cosúil le plaisteach a gcáilíocht is mó a dhéantar iad a athchúrsáil agus mar thoradh air sin, ní dhéantar an chuid is mó de na plaistigh a athchúrsáil ach uair amháin. Céard iad na roghanna is inbhuanaithe?





# Déan imscrúdú

## Ceist tosaithe

An féidir linn na hábhair éagsúla a úsáidtear chun an beartán seo a chlúdach a shórtáil ar bhealaí éagsúla (m.sh. de réir datha, crutha, uigeachta, srl.)?

## Imscrúdú a Dhéanamh

Ullmhúchán roimh ré: Clúdaigh an 'duais' in a lán sraitheanna ag baint úsáid as ábhair éagsúla gach uair. Idir gach ciseal, cur cárta catagóire amháin isteach.

- Suíonn na foghlaimeoirí i gciorcal agus cuireann siad an beartán thart agus an ceol ag seinm. Nuair a stopann an ceol, déanann an foghlaimeoir, a bhfuil an beartán ina seilbh acu, sraith amháin d'ábhar a scaoileadh amach, an cárta catagóire a aimsiú, agus caithfidh sé/sí cur síos a dhéanamh ar chiseal an ábhair. Ba chóir an foghlaimeoir a spreagadh chun an t-ábhar a bhreathnú agus a iniúchadh. Ba cheart an pacáistiú a choinneáil ar thaobh amháin le haghaidh cuid a dó den ghníomhaíocht.
- Nuair atá an clúdach ar fad bainte den bheartán, is féidir leis an ngrúpa tosú ag sórtáil na n-ábhar pacáistithe i gcatagóirí éagsúla. Tosaigh trí úsáid a bhaint as trí húlahúp agus cuir cárta catagóire amháin i ngach húlahúp. Déan cinneadh mar ghrúpa maidir leis na catagóirí lena n-úsáid chun na hábhair a shórtáil.
- Athraigh na catagóirí sna húlahúpanna agus lean mar a bhí cheana. Is féidir leis na foghlaimeoirí ábhair a scrúdú chun iad a shórtáil de réir mar is féidir an t-ábhar a úsáid (m.sh. in éadaí, ag glanadh srl.). Ba chóir don mhúinteoir a chur i láthair conas is féidir roinnt ábhar a athchúrsáil (a chur sa bhosca bruscair athchúrsála) nó a mhúiríniú chun nascadh le feasacht agus cúram imshaoil.
- Ag deireadh na gníomhaíochta, ba chóir do na foghlaimeoirí cinneadh a dhéanamh ar cad atá le déanamh le gach ceann de na hábhair (i.e. ba chóir iad a choinneáil le haghaidh ealaíon agus ceardaíochta, iad a athúsáid i ngníomhaíocht eile, nó a chur san araid athchúrsála nó san araid mhúirín).

## Sonraí/torthaí a roinnt

Is féidir le foghlaimeoirí na sonraí a thaifeadadh agus a roinnt ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear grianghraif, póstaeir agus graif.



# Tóg an Chéad Chéim Eile

## Cuir in oiriúint do do bhaile é:

Is féidir le foghlaimeoirí réimse leathan ábhar a fhaightear timpeall an tí a úsáid don ghníomhaíocht seo.

## Dúshlán ina dhiaidh sin/tionscadal/baint le heolaíocht saoránach:

Is féidir le foghlaimeoirí na hábhair timfhilleadh a úsáidtear le linn na gníomhaíochta seo a scrúdú agus smaointe a fhiosrú chun na hábhair a athúsáid chun rud éigin úsáideach a chruthú m.sh. páipéar beartán a athúsáid sa rang ealaíne.

**Cártaí catagóire – samplaí.** D'fhéadfadh íomhánna do gach catagóir a bheith san áireamh leo seo freisin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Mín** | **Garbh** | **Lonrach** | **Modartha** |
| **Gorm** | **Dearg** | **Righin** | **Solúbtha** |
| **Bán** | **Dubh** | **Is féidir é a athchúrsáil** | **Ní féidir é a athchúrsáil** |
| **Is féidir é a athúsáid** | **Ní féidir é a athúsáid** | **Bog** | **Crua** |
| **Sínteach** | **Neamh-shínteach** | **Ciorcal** | **Triantán** |
| **Is féidir é a úsáid chun bronntanais a chlúdach.** | **Is féidir é a úsáid chun éadaí a dhéanamh** | **Is féidir é a úsáid chun doirteadh a ghlanadh** | **Inmhúirínithe** |
| **Nádúrtha** | **De dhéantús an duine (monaraithe)** | **Cearnóg** | **Dronuilleog** |